1ú Bliain – PACÁISTÍ NA gCAILÍNÍ

Oifig Náisiúnta Imdhíonta
Tá eolas teagmhála na n-oifigí áitiúla thall

HSE National Immunisation Office
Please see overleaf for your Local Office Contacts

www.hpv.ie
www.immunisation.ie
Meán Fómhair 2018

An clár vacsaínithe scoile i gcomhair cailíní na chéad bhliana sa mheánscoil

A Thuismitheoir/A Chaomhnóir, a chara,

Beidh foireann vacsaínithe scoile FSS ag dul chuig na scoileanna faoi dhó i rith na scoilbhliana chun na vacsaíní seo a leanas a thairiscint:

- Vacsaín HPV (papalómaivíreas daonna) a thugann cosaint ar ailse cheirbheacs.
- Vacsaín Tdap a thugann cosaint ar theiteanas, diftéire agus an triuch.
- An vacsaín MenC, a thugann cosaint ar Mheiningíteas C.

Tá gá le dáileog amháin Tdap agus dáileog amháin MenC. Teastaíonn dhá dháileog den vacsaín HPV chun cosaint iomlán a thabhairt do chailíní faoi bhun 15 bliana d'aois agus, i gcás cailíní atá 15 bliana d'aois nó níos sine, teastaíonn trí dháileog den vacsaín HPV uathu chun cosaint iomlán a bheith acu.

- Ba cheart go dtarlódh an chéad chuairt ó lár mhí Mheán Fómhair ar aghaidh chun an vacsaín HPV (dáileog a haon) agus an vacsaín Tdap a thabhairt.
- Ba cheart go dtarlódh an dara cuairt ó lár mhí an Mhárta ar aghaidh chun an vacsaín HPV (dáileog a dó) agus an vacsaín MenC a thabhairt.

Tabharfar instealladh amháin i ngach aon ghéag láimhe.

Gheobhaidh tú na nithe seo faoi iamh:

- Bileoga eolais faoi na vacsaíní agus na galair a gcuireann siad cosc orthu. Léigh an t-eolas sin go cúramach agus pléigh na vacsaíní sin le do leanbh, le do thoil.
- Foirm thoilithe le haghaidh vacsaíniú:
  - Comhlánaigh an fhoirm thoilithe le do thoil.
  - Seol ar ais an fhoirm sa chlúdach atá ann di sula dtosófar ag tabhairt na vacsaíní nó laistigh de 7 lá, fiú amháin más rud é nach dtoilíonn tú.
  - Ní mór an fhoirm sin a chomhlánú i mBLOCLITREACHA le peann agus ní mór go síneoidh an tuismitheoir nó an caomhnóir í.

Ar lá an vacsaínithe, déan cinnte de le do thoil go mbeidh an méid seo a leanas déanta ag do leanbh:

- Bíodh bricfeasta ite aici.
- Bíodh barréide ghearrmhuinchilleach scaoilte uirthi.
- Tugadh sí léi ar scoil a cárta taifid vacsaínithe nó a pas imdhíonta, má tá a leithéid aici.

Má tá ceist nó ábhar buairimh ar bith agat, beidh an fhoireann vacsaínithe scoile lánsásta cuidiú leat.
Tá uimhreacha teagmhála na bhfoirne vacsaínithe ar chúl na litreach seo.

Beidh a fhios ag an scoil an dáta ar a mbeidh an vacsaíniú le déanamh.

Tá tuilleadh eolais ar fáil chomh maith ag www.immunisation.ie agus www.hpv.ie

Is mise, le meas,

An Dr Kevin Kelleher
Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta – Sláinte an Phobail agus Sláinte Leanaí
Uimhir Chláraithe Chomhairle na nDochtúirí Leighis: 19719

Uimhreacha teileafóin teagmhála i gcomhair Oifigí Imdhíonta FSS	Uimhir Fóin
Ceatharlach	056 7784531 056 7784496
An Cabhán	047 30422, 047 30423 047 39089
An Cabhán – An Cabhán Thiar	071 9155148
An Clár	065 6868039
Corcaigh - Corcaigh Thuaidh	022 58737
Corcaigh – An Laoi Thuaidh	021 4921775 021 4921790
Corcaigh – An Laoi Theas	021 4923840 021 4923214
Corcaigh - Corcaigh Thiar	028 40429
Dún na nGall – Bun Cranncha	074 93 61044
Dún na nGall - Baile Dhún na nGall	074 97 40643
Dún na nGall – An Clochán Liath	074 95 61210
Dún na nGall – Leitir Ceanainn	074 91 23753
Baile Átha Cliath Thuaidh (ceantair ina bhfuil Ard Aidhin (cuid de), An Chúlóg, Darndál, Éadan Mór, Ráth Éanaigh, Cill Bharróg, Binn Éadair, Cill Fhionntain, Baile Dúill, Port Mearnóg, Mullach Íde, Sord, Lusca, An Ros)	01 9214314 01 9214309
Baile Átha Cliath Thuaidh-Lár (ceantair a chuimsíonn Baile Munna, Droim Conrach, An Halla Bán, Lár na Cathrach Thuaidh, Fionnradharc, Cluain Tarbh, Domhnach Cearna)	01 8975177
Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh (ceantair ina bhfuil an Chabrach, Baile Phib, Fionnghlas, Cuid de Ghlas Naíon, Caisleán Cnucha, Baile Bhlainséir, Mullach Eadrad agus Margadh na Feirme)	01 8975135
Baile Átha Cliath Theas (ceantair ina bhfuil Dún Laoghaire, An Charraig Dhubh, Stigh Lorgan, Cábán tSíle, Carraig an tSionnaigh, Deilginis, Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Seanchill agus Baile Uí Lachnáin)	01 2365246
Cathair Bhaile Átha Cliath Theas (ceantair ina bhfuil Lár na Cathrach Theas, An Rinn, Ráth Maonais, Tír an Iúir, Baile an Teampaill agus Ráth Fearnáin)	076 6958196 076 6958142
Baile Átha Cliath Thoir Theas (ceantair ina bhfuil Sráid Bhagóid, Raghnallach, Domhnach Broc, Dún Droma, Baile an Teampaill, Baile an tSaoir, Baile na Lobhar agus Áth an Ghainimh)	01 2680419
Baile Átha Cliath Thiar Theas (ceantair ina bhfuil Cromghlinn, Droimeanach, Tamhlacht, Teach Mealóg, Teach na Giúise)	01 92014808
Baile Átha Cliath Thiar (ceantair ina bhfuil Cluain Dolcáin, Baile Formaid, Baile Phámar, Leamhcán, Inse Chór agus Ráth Cúil)	0766955766, 0766955713 0766955746
Gaillimh	091 546215
Ciarraí	066 7195682
Cill Dara	045 920628, 045 920636
Cill Chainnigh	056 7784531 056 7784496
Laois	057 9359785
Liatroim	071 9155148
Luimneach	061 483987
Luimneach – Luimneach Thoir	061 46 1140
An Longfort	043 33 39700
Lú	042 9381262 042 9381244
Maigh Eo	094 9042023 096 21511
An Mhí	046 9098752 Luan go hAoine 046 9098763 Luan go hAoine 046 9098726 Céadaoin & Déardaoin
Muineachán	047 30422, 047 30423, 047 39089
Uíbh Fhailí	057 9359785
Ros Comáin	090 6637515
Sligeach	071 9155148
Tiobraid Árann – Tiobraid Árann Thuaidh	067 46410
Tiobraid Árann - Tiobraid Árann Theas	052 6177352
Port Láirge	051 846772 051 846705
An Iarmhí (cuimsítear scoileanna Bhaile Átha Luain agus an Mhóta)	090 6424816
An Iarmhí (cuimsítear scoileanna an Mhuilinn Chearr)	044 93 94992
Loch Garman	053 9243767
Cill Mhantáin	076 69 59054 076 69 59035
Cill Mhantáin - Cill Mhantáin Thiar (cuimsítear Bealach Conglais, Baile Coimín agus Dún Luáin)	045 920628 045 920636

Éiginnte cá háit a bhfuil d'oifig áitiúil? Cuir isteach do sheoladh nó seoladh na scoile ar an suíomh seo a leanas, le do thoil www.hse.ie/eng/services/maps/